

SIAMSÁN SA MBAILE!

Cácaí beaga i bhfoirm 'Hata an Draíodóra'

Tá an Siamsán sa mBaile bunaithe ar na téamaí atá faoi chaibidil ar Cúla4 ar Scoil . "Mé féin" téama na seachtaine seo.

Gníomhaíocht í seo don teaghlach, iarrtar ar thuismitheoirí na hiarratais a sheoladh. Ní bheifear ag glacadh le ríomhphoist ó dhaoine faoi bhun 18 mbliana d'aois.

Oideas bÁCála: Ba dheas liom a bheith i mo dhraíodóir. Seo mo chuid hataí!

Nuair a bheidh tú críochnaithe is féidir pictiúr de a sheoladh chuig: eolas@tuismitheoiri.ie

Roghnófar buaiteoir ar an 13 Meitheamh mar sin bíodh pictiúr do de shaothar againn roimh a 5.00 in an lá sin. Go n-éirí libh!

An Duais: Deis ar dhearbhan dod' rogha gnó Gaeltachta/Gaelach.

Cácaí 'Hata an Draíodóra'

Comhábhair;

125g im bog
¾ cupán siúcra mín
spúnóg bheag fanaile
2 ubh buailte go héadrom
1 ½ cupán plúr éiritheach
½ cupán bainne
1 ½ cupán sceallaí seacláide bÁCála

Don reoán & maisiúchán

200g im bog
2 spúnóg bheag fanaile
3 cupán siúcra reoáin atá criathraithe
½ cupán bainne
12 cón beag (uachtar reoite)
Maisiúcháin bheaga ildaite nó 100s & 1000s

Modh;

1. Buail an t-im, an siúcra agus an fanaile go mbeidh an meascán éadrom agus bog. De réir a chéile doirt isteach na huibheacha ann ag meascadh leat i rith an ama. Cuir isteach an plúr agus an bainne agus measc go dtagann an taos le chéile. Anois cuir na sceallaí seacláide isteach agus measc ian t-iomlán.
2. Roinn an meascán idir 12 panna muifín nó stán atá líneáilte le páipéar.
3. BÁCáil in oigheann atá measartha te (180C ar feadh 20 /25 nóiméad). Tástáil lena chinntiú go bhfuil siad bÁCáilte go hiomlán. Tóg as an oigheann iad agus lig dóibh fuarú ar feadh 10 nóiméad agus ansin cuir na borrhóga ar raca sreinge le fuarú go maith.
4. Buail an t-im go bhfuil sé geal agus cuma uachtair air. Cuir isteach an fanaile agus an siúcra reoáin. Cuir leath den bhainne isteach agus tar éis é a bhualadh cuir isteach an leath eile agus measc. Cuir sa chuisneoir go bhfuil sé tiubh go leor le spré.
5. Maisigh gach borrhóg leis an uachtar ime. Clúdaigh gach cón le huachtar ime agus le maisiúcháin nó 100s & 1000s. Ansin brúigh cón ar bharr gach borrhóg go mbeidh cuma hata an draíodóra orthu. Fuaire sa chuisneoir ar feadh tamaill. Ansin bainigí sult as bhur saothar!

'TIOCFAIMID SLÁN'

Ainm an pháiste:

Aois:

Ainm an tuismitheora:

Seoladh baile:

Seoladh ríomhphoist:

Buaiteoirí na nduaiseanna: Foilseofar liosta na mbuaiteoirí i Nuachtlitir Tuismitheoirí na Gaeltachta gach Céadaoin agus ar na meáin shóisialta ina dhiaidh sin. Beidh ainm (gan sloinne) & aois an pháiste agus an ceantar arb as dóibh (ní bheidh an seoladh iomlán) á bhfoilsíú agus beidh teagmháil ríomhphoist á dhéanamh le tuismitheoirí le seoltaí srl a dheimhniú. D'fhéadfadh go bhfoilseofaí pictiúr nó ábhar ealaíne iarrthóirí faoin gcóras céanna seo freisin. Ní gá pictiúr nó taifead den bpáiste féin a bheith mar chuid den iarratas. Seolfar na duaiseanna amach sa phost nuair a bheidh deireadh leis na srianta pobail. Scríosfar na sonraí ar fad nuair a thiocfaidh deireadh leis an gcomórtas.



Tuismitheoirí
na Gaeltachta

Tuairisc.ie



An Roinn Cultúir,
Oidhreachta agus Gaeltachta
Department of Culture,
Heritage and the Gaeltacht

Údarás na Gaeltachta